# NUACHT ÉICEA-SCOILEANNA

Samhain 2015

## San eagrán seo:


- D'éirigh thar barr le CON Éicea-Scoileanna
- Tuairisc Iriseoir Óg Nuachtáin Alpha
- Laethanta Domhanda Gníomhaíochta - Live Here Love Here
- Feachtas na nGráinneog
- Nuacht Scoile: Cás-Staidéar Dramhaíola Our Lady of Lourdes
- Nuacht Comhpháirtithe : Cnuasghrúpa Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste
- Nuacht Eile
- Comórtais
- Spriocdhátaí don Bhrat Glas


## D'éirigh thar barr le cruinniú idirnáisiúnta na nOibrithe Náisiúnta Éicea-Scoileanna (CON)

**D'fháiltigh Keep Northern Ireland Beautiful, Éicea-Scoileanna roimh 100 comhalta idirnáisiúnta ó 54 tír chuig an CON is mó go dtí seo den Foundation for Environmental Education (FEE).**

Tháinig ionadaithe de chuid FEE agus 54 tír ó na ceithre hairde go Tuaisceart Éireann an mhí seo chun dea-chleachtas a roinnt agus chun forbairt leanúnach Éicea-scoileanna ar mhaithe lenár ndaoine óga agus an timpeallacht go domhanda a phlé .

Is é Mark H Durkan MLA, an tAire Comhshaoil, a d'oscail an chomhdháil; agus d'fháiltigh Angelina Fusco, Tourism NI agus Ian Humphreys, CEO Keep Northern Ireland Beautiful roimh na haíonna

Bhí deis ag ár n-aíonna, idir na sealanna oibre, sult a bhaint as an fháiltiú chroíúil ag Stormont, a d'óstaigh Anna Lo MLA, Cathaoirleach an Choiste Comhshaoil agus David Weir MLA, Cathaoirleach an Choiste Oideachais; agus cuairt a thabhairt ar roinnt Éicea-Scoileanna áitiúla den scoth a thug sárthaispeántas den dea-chleachtas agus ansin ceiliúradh a dhéanamh ar a n-éachtaí ag dinnéar ceiliúrtha in Iarsmalann Uladh.

Chuir Fairview Primary School, Baile an Chláir, fáilte roimh chuairteoirí ó FEE agus taispeánadh ar BBC Newsline é - tá sé le feiceáil anseo. Ba mhaith linn "buíochas ollmhór" a ghabháil leis na scoileanna uilig a raibh baint acu leis na cuairteanna, cláir taispeántais, tuairisciú agus cur i láthair le linn an imeachta trí lá seo, is fíor a rá go ndeachaigh sibh i gcion go mór agus go dearfach ar ár gcuairteoirí: Fairview Primary School, Belmont Primary School, Lagan College, Ulidia Integrated College, Hezlett Primary School, Ballycraigy Primary School, Fair Hill Primary School, Downpatrick Nursery School, Sullivan Upper School agus Grosvenor Grammar.

Is féidir tuilleadh nuachta a fháil ó FOT ar shuíomh gréasáin Éicea-Scoileanna rannóg na nuachta agus blag CON. Tá an nuacht is deireanaí agus grianghraif ag an Fhondúireacht um Oideachas Timpeallachta ar a suíomh. Is féidir tvuíteanna ón imeacht a fháil ag **Eco_SchoolsNI #ecoschoolsNOM** agus an nuacht is deireanaí ar leathanach facebook **Eco-Schools NI Official**.











## Tuairisc ó bhuaiteoir Iriseoir Óg Nuachtáin Alpha agus Éicea-Scoileanna ar CON.

Chuaigh David Eagleson, dalta i mbliain 9 ag Rainey Endowed School i Machaire Fíolta, i bhfeidhm ar bhreithiúna an chomórtais Iriseoir Óg Nuachtáin Alpha agus Éicea-Scoileanna leis an iarratas dea-struchtúrtha s'aige inar mhínigh sé le friotal paiseanta cén fáth ar mhaith leis a bheith i láthair agus tuairisc a scríobh ar Chruinniú na nOibrithe Náisiúnta Éicea-Scoileanna.

D'fhreastail David ar CON, áit a raibh deis aige agallamh a chur ar Mark H Durkan MLA, an tAire Comhshaoil, ionadaithe ón Foundation for Environmental Education, Ionadaithe Idirnáisiúnta, agus foireann Keep Northern Ireland Beautiful. Foilsíodh an t-alt críochnaithe s'aige i Nuachtáin Alpha agus is féidir é a léamh ina iomláine anseo.



*Fuair David Eagleson, Tuairisceoir Óg Timpeallachta, a dhuais ó Karen Scott Kaplan, Nuachtáin Alpha agus Carmel Fyfe, Bainisteoir Oibríochtaí, Keep Northern Ireland Beautiful.*

# Laethanta Domhanda Gníomhaíochta Éicea-Scoileanna



Ghlac níos mó ná 100 dalta ó St Colm's High School agus St Mary's Primary School i mBaile na Croise páirt san Ollgh-lantóireacht sa cheantar s'acu agus bhailigh 23 mála bruscair!

Chláraigh 65 scoil le feachtas Live Here Love Here, *Laethanta Domhanda Gníomhaíochta* Éicea-Scoileanna i mbliana, rud a spreagann gach duine chun gean a léiriú, don áit is baile acu, trí bheith rannpháirteach i lá domhanda gníomhaíochta ag tús na Samhna. D'iarr muid ar scoileanna imeacht a chlárú agus ceann amháin díobh seo a leanas, nó iad uilig, a dhéanamh:

- Glanadh - cuir slacht ar thailte na scoile nó cúinne cáidheach áitiúil trí imeacht bailithe bruscair a eagrú
- Glasú - cuir dóigh ar phlota a d'éirigh fiáin trí lustan a bhaint agus síolta a chur
- Gléasadh - tagaigí le chéile chun tabhairt faoi ghraifítí agus loitiméireacht trí mhaisiú le péint agus cúinne salach a athnuachan.

Ghlac 1100 páirt, agus bailíodh níos mó ná 900 Kg de bhruscar agus cuireadh dóigh ar 4000m$^2$. Thuairisc scoileanna ar neart gníomhaíochtaí suimiúla, ina measc lustan a bhaint, plandáil agus bailiú bruscair agus ealaín chruthaitheach a dhéanamh as claibíní buidéil athchúrsáilte. Buíochas leo siúd a ghlac páirt agus a thuairiscigh a gcuid torthaí. Comhghairdeas le Glengormley High School a bhain duais an Phacáiste Glantacháin.

**Ná déan dearmad gur féidir do dhílseacht don fheachtas Live Here Love Here a dhearbhú anseo agus an nuacht is deireanaí a fháil ar na gníomhaíochtaí i do cheantar féin.**



*Andrews Memorial PS - Glasú*




*Six Mile Integrated PS—Gléasadh*

## Feachtas na nGráinneog



Mar chuid de Thionscnamh Sheaimpíní Nua-Speicis NIEL, tá an tAire Comhshaoil, Mark H Durkan, ag iarraidh ar na scoileanna uilig cuidiú lena gcuid gráinneog dúchais. Sna 1950í, measadh gur mhair 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain.

Déanann gráinneoga geimhriú gach bliain, de ghnáth ó Shamhain go dtí thart ar an Cháisc, ach braitheann sé seo go mór ar an aimsir. De ghnáth, músclaíonn gráinneoga roinnt uaireanta i rith an gheimhridh agus tógann nead nua as duilleoga, cuachta thíos faoi thom nó carnán lomán nó bothán garraí, áit ar bith a thugann tacaíocht agus cosaint.

Bí cúramach le do thoil má tá tú ag pleanáil tine chnámh nó mórghlanadh sa gharraí cionn is go bhfuil seans ann gur roghnaigh na gráinneoga carnán lomán nó grabán mar theach dóibh féin.

Chun tuilleadh smaointe iontacha a fháil ar dhóigheanna chun ár gcairde clúmhacha fiáine a chosaint, tabhair spléachadh ar RSBP 'Give Nature a Home' resources.

Más rud é go bhfaca tú gráinneoga ar bith ar thailte do scoile nó má tá leideanna luachmhara agat is mian leat a roinnt, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org

## Our Lady of Lourdes Primary School, Béal Feirste, ag dul i ngleic le Dramhaíl.



Tá Our Lady of Lourdes Primary School i mBéal Feirste ag dul i ngleic leis an topaic Éifeachtúlacht Dramhaíola—Acmhainní. Bhí siad páirteach i nDúshlán Mór Wheelie le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste anuraidh agus d'éirigh leo 80% den dramhaíl a athchúrsáil áit nach raibh athchúrsáil ar bith acu roimhe sin - éacht iontach!

Le fáil amach cén dóigh ar thug siad faoi, agus an dóigh ar éirigh leo airgead a shábháil ar an scoil chomh maith leis an timpeallacht a chaomhnú, léigh an cás-staidéar a d'fhorbair siad ar shuíomh Éicea-Scoileanna. Lean an nasc - Our Lady of Lourdes, Waste Case Study.

## Nuacht Comhpháirtithe: Cruinniú Cnuasghrúpa 'Ar Lorg Gradam' le Belfast City Council agus Éicea-Scoileanna

Tá Belfast City Council agus Éicea-Scoileanna ag óstáil cruinniú cnuasghrúpa 'Ar Lorg Gradam' i dTeach Mhá Luain Dé Céadaoin an 9 Nollaig 3.30pm - 5pm.

D'éirigh thar barr leis an chruinniú seo anuraidh agus naoi scoil a bhí i láthair ag déanamh dul chun cinn suas trí ghradaim Éicea-Scoileanna agus seacht scoil acu ag baint amach ghradam an Bhrait Ghlais.

Más suim leat freastal air seo, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org

## Nuacht Idirnáisiúnta Éicea-Scoileanna:

### Tá an Foundation for Environmental Education le páirt a ghlacadh i COP21 Cruinniú Mullaigh Athrú Aeráide i bPáras.

Níl aon dabht dá laghad a thuilleadh gurb é Athrú Aeráide an dúshlán is tábhachtaí, is práinní agus is casta don chine dhaonna. Chun freagairt don dúshlán seo, caithfidh gach uile dhuine againn bheith freagrach, ár ndearcadh agus ár n-iompar a athrú agus a bheith toilteanach íobairtí a dhéanamh ar leas na ndaoine a thiocfaidh inár ndiaidh. Aithnítear gur cuid an-tábhachtach é an t-oideachas d'aon phróiseas a dhéanann iarracht daoine a chur ar an eolas agus cumhacht a thabhairt dóibh chun tuiscint níos fearr a fháil ar cheist ar bith agus chun a n-iompar a athrú bunaithe ar an tuiscint sin.

Le linn cruinniú mullaigh COP21, beidh an Foundation for Environmental Education ag óstáil Comhdháil dar teideal "Athrú aeráide mar chuid den churaclam ó naíscoil go hollscoil", ag Ionad na nGlún Aeráide ar an 4 Nollaig 2015.
Chun tuilleadh faoi sin a léamh gabh chuig suíomh gréasáin FEE.

## Nuacht Keep Northern Ireland Beautiful :

Is é an carthanas comhshaoil Keep Northern Ireland Beautiful a reáchtálann Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann. Is é seo an t-eolas is déanaí ó réimsí eile san eagraíocht againn:

### Glacann Keep Northern Ireland Beautiful páirt i Mórshiúl Athrú Aeráide Bhéal Feirste

D'fhreastail baill foirne Keep Northern Ireland Beautiful ar Mhórshiúl Athrú Aeráide an Phobail i mBéal Feirste ar 29 Samhain. Ba cheann amháin de roinnt mhaith mórshiúlta é ar fud an domhain an mórshiúl seo chun ómós a thabhairt do chomhdháil an UN ar athrú aeráide i bPáras ag deireadh na míosa.




Níor chuir an aimsir fhliuch isteach nó amach ar roinnt céadta a ghlac páirt sa mhórshiúl ag Cearnóg na Scríbhneoirí chun comhghuaillíocht a léiriú dóibh siúd atá ag obair ar son cearta aeráide.

Baileoidh ceannairí an domhain i bPáras ag Cruinniú Mullaigh Aeráide an UN ar an 30 Samhain. Beidh tionchar ag na cinntí a dhéanann siad ar cheisteanna ar nós astuithe domhanda carbóin agus fuinneamh in-athnuaite ar gach uile dhuine againn ar feadh na mblianta amach romhainn.

Ba chúis mhórtais d'Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann meirge a iompar ar son Éicea-École sa Fhrainc nuair nach raibh ar a gcumas a bheith páirteach ina mórshiúl féin de dheasca na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta ar na mallaibh.

## Nuacht eile: EWWR 2015

I ndiaidh sé bliana de chur i bhfeidhm rathúil, d'fhill European Week For Waste Reduction (EWWR) chun cúram bliantúil a chomhlíonadh le dianseachtain eile d'imeachtaí ardaithe feasachta. Idir an 21 agus an 29 Samhain 2015, tharla 12,000 gníomh a bhain le laghdú dramhaíola, athúsáid táirgí agus athchúrsáil ábhar, chomh maith le Glantacháin, ar fud 33 tír.

Tá sé mar aidhm ag gníomhaíochtaí EWWR feasacht a ardú ar éifeacht acmhainní agus eacnamaíocht chiorclach. Tá sé mar sprioc aige iompar saoránaigh Eorpacha a athrú i dtaca lena gcuid patrúin chaite agus gnásanna dramhaíola; laghdú dramhaíola a chur chun cinn, agus athchóiriú agus athúsáid táirgí le cois sórtáil agus athchúrsáil dramhaíola, go háirithe i dtíortha ina bhfuil rátaí sórtála agus athchúrsála go fóill íseal.

Cuirtear béim mhór ar dhramhaíl a chosc i EWWR, cionn is go bhfuil níos mó céille ag baint le dramhaíl a sheachaint nó a laghdú ó thús seachas a bheith ag plé leis agus é in araidí bruscair cheana féin. Chun aird a tharraingt air sin, dhírigh EWWR ar thopaic an Dí-ábharaithe— rud a chiallaíonn níos lú ábhair nó gan aon ábhar a úsáid agus go fóill an leibhéal céanna feidhmiúlachta a bheith ann. Le linn an EWWR, chuaigh cuid mhór gníomhaíochtaí i ngleic le dí-ábharú trí cheardlanna cruthaitheacha, margadh na hathúsáide agus caife an athchóirithe, ina measc feachtais mhóra ardaithe feasachta i scoileanna agus gníomhaíochtaí eile ar fud na hEorpa agus níos faide ó bhaile! Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín EWWR chun tuilleadh eolais a fháil.

**Laghdaigh, athúsáid, athchúrsáil: tá sé in am gníomhú, agus is beag an ní nach cuidiú!**

## Acmhainní Lagan Valley Regional Park

Tá Páirc Réigiúnach Ghleann an Lagáin i gcroílár Bhéal Feirste ach shílfeá gur domhan eile é. Cuireann sé éagsúlacht d'eispéiris ar fáil do scoileanna a bhaineann le stair chultúrtha agus nádúrtha. Tá acmhainní den scoth ar fáil ar a suíomh idirlín a chuirfeadh go mór le turas scoile . Tabhair cuairt ar an suíomh idirlín s'acu chun tuilleadh eolais a fháil agus fill ar an dúlra sa seomra ranga seo lasmuigh.

## Comórtais: Comórtas Cookstown Textile Recyclers

### Cash for Clobber 2015/2016



Is dóigh iontach ag do scoil é 'Cash for Clobber' le lucht Cookstown Textile Recycling (CTR) chun airgead a bhailiú le haghaidh tionscadail timpeallachta do scoile. Tabharfaidh CTR airgead ar na héadaí a bhailíonn siad, **50 pingin/kilo.** Ansin, sórtáiltear iad uilig go háitiúil agus dáiltear iad ar thíortha a bhfuil cuidiú de dhíth orthu nó athchúrsáiltear ina snáithíní iad le húsáid sa tionsclaíocht.
Is é an t-aon chomhlacht athchúrsála éadaí é atá deimhnithe ag BSI, a bhfuil eitic láidir timpeallachta acu agus a mholann Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann agus is le bród a thug siad urraíocht do thopaic s'againn na dramhaíola le sé bliana anuas.
Thiocfadh leat suas le £3000 a bhaint do do scoil ach gach cineál éadaí agus bróga (péirí amháin), teicstílí tí agus málaí (gan duivéanna ná ceannadhairteanna san áireamh) a athchúrsáil.
**Tosaigh a bhailiú anois! – ní thiocfadh leis a bheith níos fusa:**
An scoil is mó a bhailíonn seanéadaí in aghaidh an dalta, bainfidh sí duais iontach airgid. Tá trí bhanda ann le duaiseanna a bhaint, ag brath ar mhéid do scoile.

| Banda 1 = Suas le 100 dalta | Banda 2 = 101-250 dalta | Banda 3 = Os cionn 250 dalta |
|---|---|---|
| £1,000 | £2,000 | £3,000 |

Beidh an Comórtas ar siúl ón **1 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Bealtaine 2016.** Tabhair spléachadh ar shuíomh gréasáin Éicea-Scoileanna le haghaidh breis eolais.

Chun bailiúchán éadaí 'Cash for Clobber' a shocrú do do scoil, gabh i dteagmháil le CTR ag schools@c-t-r.com nó cuir scairt ghutháin ar 028 9447 8880.

## Dúshlán Taistil Translink





Tá Dúshlán Taistil Translink oscailte anois do gach scoil. Tá an Dúshlán á reáchtáil i dtéarmaí an Fhómhair agus an Earraigh ar feadh coicís ar bith a roghnaíonn tú féin. Déan do thorthaí a thaifeadadh leis na hacmhainní atá curtha ar fáil agus seol chugainn iad agus beidh seans agat duaiseanna iontacha a bhaint!

An bhfuil tionscadal iontach Iompair ar siúl i do scoil? Tá sé chomh maith agat cur isteach ar chatagóir Tionscadal #Corraitheoirí cliste agus tá seans agat duais a bhaint.

Ní comórtas amháin atá ann ach tionscadal ar dóigh a bhfuil neart acmhainní foghlama ag dul leis. Tabhair cuairt ar www.translink.co.uk/ecoschools chun tuilleadh eolais a fháil nó cuir ríomhphost chuig ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org.

## Comórtas Póstaer NI Water



Tá fáilte romhat páirt a ghlacadh i gComórtas Bliantúil Scoileanna Northern Ireland Water (NI Water).
Soláthraíonn NI Water uisce dúinn atá sábháilte le hól agus a thugtar díreach chuig ár dtithe cónaithe ach ar an drochuair do roinnt mhaith daoine ar fud an domhain, tá an scéal an-difriúil. Maireann 650 milliún duine gan uisce sábháilte, siúlann siad a bhailiú uisce salach ó linn nó ó loch agus iompraíonn ar ais chuig a dteaghlach é. Is í aidhm an chomórtais seo a thaispeáint a thábhachtaí atá uisce glan sábháilte don bheatha.

Díreoidh an comórtas ar phóstaer a dhearadh a thaispeánann an chomparáid idir uisce slán a bheith againn i dTuaisceart Éireann agus iad siúd a mhaireann gan aon uisce slán i dtíortha atá i mbéal forbartha.

Tá an comórtas ann do dhaltaí EC2 i ngach bunscoil i dTuaisceart Éireann agus tá catagóir ann fosta do Scoileanna Riachtanais Speisialta. Duaiseanna iontacha le baint. Spriocdháta an 25 Márta 2016. Le níos mó eolais a fháil, dean teagmháil le foireann oideachais NI Water ag education@niwater.com.

## Fearais Síolta Fás Fiáin

- Is féidir le grúpaí clárú le haghaidh **fearais síolta Fás Fiáin in aisce** le roinnt. Cláraigh ar líne ag growwilduk.com ó Dheireadh Fómhair 2015 go lár Feabhra 2016
- Faigh **inspreagadh** ó na tionscadail pobail s'againn do 2014 agus 2015. Cliceáil anseo chun cuairt a thabhairt ar an léarscáil idirghníomhach agus na leathanaigh phróifíle s'acu a léamh.

## Spriocdhátaí Iarratais do Bhrat Glas Éicea-Scoileanna 2015/16.

Má tá rún agat pleanáil le haghaidh an Bhrait Ghlais i mbliana, tabhair do d'aire go bhfuil dhá spriocdháta ann don bhliain acadúil 2015-2016, **8 Eanáir 2016** agus **11 Márta 2016**. Geallaimid go ndéanfar iarratais a fhaightear roimh 8 Eanáir a mheas roimh shos na Cásca agus go ndéanfar iarratais a fhaightear roimh an 11 Márta a mheas roimh an 24 Meitheamh 2016. Cé go ndéanfar measúnú am éigin ar iarratais a fhaightear i ndiaidh 11 Márta, ní féidir linn gealltanas a thabhairt go dtarlóidh sé sin roimh an 24 Meitheamh 2016.

ndiaidh 11ú Márta 2016 am éigin, ní féidir linn dearbhú gur roimh 24ú Meitheamh a bheas ann 2016.

## Brait Ghlasa na míosa

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig a ghnóthaigh gradam an Bhrait Ghlais an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh an t-eolas agus an díograis a léiríonn na daltaí agus na foirne uile inár gcuid Scoileanna Brait Ghlais agus caithfimid comhghairdeas a dhéanamh leo as a ngradam iontach:

Carnmoney Primary School, Carn Monaidh




*Déanann Carnmoney Primary School ceiliúradh ar ghradam an Bhrait Ghlais*

**Déan teagmháil linn ag:**
Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste BT5 4HD
Teil: 028 9073 6920
eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org

**Ná stad aige sin! Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin Éicea -Scoileanna Thuaisceart Éireann le haghaidh tuilleadh scéalta, smaointe tionscadail, treoir ar chláir, cás-staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta agus a lán eile.**